# Ceoldráma Ghaeltacht Mhuscraí



Eochairfhocail: aisteoirí, teach altranais,oibrithe, ceolfhoireann, ceoldráma, scothaosta

Príomhscileanna: scríobh, léamh, éisteacht

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1. Cad is ainm don cheoldráma a bheidh á léiriú i nGaeltacht Mhuscraí?
2. Cé a scríobh an ceoldráma?
3. Cad é scéal bunúsach an cheoldráma?
4. Conas atá a fhios againn nach dtaitníonn an teach altranais leis an bpríomhcharachtar sa cheoldráma?
5. Breac síos dhá thréith atá ag an mbean seo, dar le Seán Óg Ó Duinnín?
6. Cén saghas cur síos a dhéanann Nóirín Uí Thuama ar an bpríomhcharachtar?
7. Cé hiad na daoine nach réitíonn an bhean leo, dar le Nóirín?
8. Cé mhéad aisteoir a bhfuil páirt éigin acu ar stáitse?
9. Cé hiad na grúpaí eile daoine a luann Seán Óg a bhfuil baint acu le reáchtáil an cheoldráma?
10. Cathain a bheidh an chéad léiriú den cheoldráma?



Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

## Gníomhaíocht Smaointeoireachta: líon na bearnaí

**Fúthu, óg, éalú, fuinniúil, scothaosta, stiúrthóir, Chorcaí**

Is ceoldráma greannmhar, ________ agus beomhar é an tÉalú a bheidh á léiriú an mhí seo i halla an phobail i mBéal Átha an Ghaorthaidh i gcontae ________. Is scéal é faoi Shíle agus a cairde atá ag cur _____ i dteach altranais. Is daoine ________ iad. Ní thaitníonn an teach altranais leo agus bíonn siad i gcónaí ag iarraidh teacht aníos le plean nua chun ______ amach as an áit. Is é Seán Óg Ó Duinnín ________ an cheoldráma agus is iad Cumann Léirithe Bhéal Átha an Ghaorthaidh atá á léiriú. Is cinnte go mbainfidh idir ___ agus aosta an-taitneamh go deo as an cheoldráma iontach seo

## Gníomhaíocht Scríbhneoireachta:


**Samhlaigh gur iriseoir tú. Iarrtar ort léirmheas 100 focal a scríobh ar an gceoldráma don nuachtán áitiúil. Cabhróidh an foclóir seo a leanas leat an léirmheas a scríobh**

- Atmaisféar bríomhar
- Sna tríthí ag gáire
- Aisteoireacht iontach
- Ag gol
- Casadh obann
- Críoch dhrámatúil
- Scoth an cheoil
- An soilsiú
- Obair an stiúrthóra
- Sheas an slua agus tugadh bualadh bos mór do na haisteoirí

## Freagraí

1. An tÉalú
2. Seán Óg Ó Duinnín
3. Iarrachtaí mná scothaosta dul i ngleic lena saol nua sa teach altranais
4. Bíonn sí i gcónaí ag iarraidh briseadh amach
5. Ní thaitníonn rialacha léi/neamhspleách/b’fhearr léi a bheith amuigh sa nádúr
6. Sna seachtóidí/neamhspleách/taitníonn craic léi/rógaire/is maith léi comhluadar/is maith léi ciúnas agus an nádúr
7. Roinnt de na hoibrithe sa teach altranais
8. 24
9. Lucht teicneolaíochta/ lucht an chúlstáitse/daoine ag an doras/ceolfhoireann/criú
10. Oíche Déardaoin

Is ceoldráma greannmhar, fuinniúil agus beomhar é an tÉalú a bheidh á léiriú an mhí seo i halla an phobail i mBéal Átha an Ghaorthaidh i gcontae Chorcaí. Is scéal é faoi Shíle agus a cairde atá ag cur fúthu i dteach altranais. Is daoine scothaosta iad. Ní thaitníonn an teach altranais leo agus bíonn siad i gcónaí ag iarraidh teacht aníos le plean nua chun éalú amach as an áit. Is é Seán Óg Ó Duinnín stiúrthóir an cheoldráma agus is iad Cumann Léirithe Bhéal Átha an Ghaorthaidh atá á léiriú. Is cinnte go mbainfidh idir óg agus aosta an-taitneamh go deo as an cheoldráma iontach seo.




# Hantavirus

Eochairfhocail: paisinéirí, long saoire, tolgtha, sáinnithe, tástáil, Srianta taistil

Príomhscileanna: scríobh, léamh, éisteacht, labhairt

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1. Cá bhfuil an long saoire a bhfuil hantavirus tolgtha ag cuid de na paisinéirí uirthi sáinnithe?
2. Ainmnigh an dá thír arbh as do na paisinéirí atá tar éis bás a fháil?
3. Cén saghas turais a bhí ar bun ag an long saoire seo?
4. Cén teachtaireacht atá tugtha ag Oceanworld Expedition do na paisinéirí?
5. Cén t-ainmhí as a dtagann an víreas seo, dar leis an Ollamh Cathal Seoighe?
6. An bhfuil an tOllamh Cathal Seoighe buartha faoi láthair go scaipfidh an víreas seo go forleathan timpeall an domhain?
7. Cén fáth a ndeir sé gur cheart a bheith an-chúramach leis an víreas seo?
8. An bhfuil aon Éireannaigh ar bord na loinge?
9. Cad a dhéanfar anois leis na paisinéirí nach bhfuil tinn?
10. Céard é an rud nach bhfuil aon ghá leis faoi láthair, dar leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte?



## Gníomhaíocht Smaointeoireachta: críochnaigh an abairt

**Ag obair le do pháirtí ranga, féachaigí ar an bhfíseán arís agus ansin críocnhaigí na habairtí seo a leanas**

- Bhris víreas baolach amach le déanaí ar
- Scaiptear an hantavirus nuair a bhíonn
- Níl aon vacsaín in aghaidh
- Tá drogall ar rialtais áirithe ligint do phaisinéirí
- Tá an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte ag coinneáil
- Tá beirt Éireannach
- Is ó fhrancaigh a thagann
- Ar thuras dúlra gar d'Antartaice a bhí an long saoire nuair a
- An víris seo ann i láthair na huaire
- Na loinge teacht i dtír in dtír féin ar eagla go scapfear an víreas tuilleadh
- An hantavirus ar an gcéad dul síos
- Bhris an ráig seo den Hantavirus amach
- Long saoire
- I measc na bpaisinéirí atá ar bord na loinge
- Gartheagmháil idir daoine

## Gníomhaíocht Scríbhneoireachta:

**Tlarrann an múinteoir ort cuntas gearr a scríobh ar uair nuair a bualadh tinn tú le slaghdán nó leis an bhfliú. Is leor 75 focal sa chur síos. Cabhróidh an foclóir seo a leanas leat a cuntas a scríobh.**

- Mhothaigh mé....
- Ag cur allais
- Lag
- Pianta ar fud mo cholainne
- Lig mé mo scíth
- Tháinig biseach orm
- Ag caitheamh amach
- Ar ais ar mo sheanléim arís
- Leigheas
- Go hainnis

## Freagraí

1. Ar muir amach ó chósta Thiar na hAfraice
2. An Ísiltír agus an Ghearmáin
3. Turas dúlra timpeall Antartaice
4. Fanacht ina gcuid seomraí ar fhaitíos go scaipfidh an víreas tuilleadh
5. Francaigh
6. Níl, ag an bpointe seo
7. Tá ráta ard mairfeachta/báis ag baint leis
8. Tá
9. Déanfar tástáil orthu agus scaoilfear iad ag Las Palmas agus ag Tenerife
10. Srianta taistil

| |
|---|
| Bhris víreas baolach amach le déanaí ar Long saoire |
| Scaiptear an hantavirus nuair a bhíonn Gartheagmháil idir daoine |
| Níl aon vacsaín in aghaidh an víris seo ann i láthair na huaire |
| Tá drogall ar rialtais áirithe ligint do phaisinéirí Na loinge teacht i dtír in dtír féin ar eagla go scapfear an víreas tuilleadh |
| Tá an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte ag coinneáil súil an-ghéar ar chúrsaí |
| Tá beirt Éireannach I measc na bpaisinéirí atá ar bord na loinge |
| Is ó fhrancaigh a thagann an hantavirus ar an gcéad dul síos |
| Ar thuras dúlra gar d'Antartaice a bhí an long saoire nuair a bhris an ráig seo den Hantavirus amach |